## Seicliosta le haghaidh na nDoiciméad Riachtanach:

Sula gcuireann tú d'iarratas isteach **DÉAN TEAGMHÁIL LE d'OIFIG ÁITIÚIL (tá na huimhreacha teagmhála luaite ar Leathanach 2 den fhoirm iarratais)** chun a dheimhniú go bhfuil na doiciméid riachtanacha ar fad ceangailte de bhrí go seolfar iarratais neamhiomlána ar ais agus go gcuirfidh a leithéid moill ar chead a thabhairt duit na hoibreacha atá beartaithe agat a dhéanamh.

**TABHAIR FAOI DEARA GO BHFUIL MAOINIÚ DEONTAIS Á BHRONNADH BUNAITHE AR ÁR gCOSTÁLACHA CAIGHDEÁNACHA AGUS NÍ AR NA LUACHANA A CUIREADH AR FÁIL.**

**Do Gach Cineál Deontais:**

- Fianaise dheimhnithe ar ioncam don bhliain roimh ré d'úinéir agus / nó do chéile na maoine. Eg Litir ón Roinn Leasa Shóisialaigh (Ní ghlacfar le duillíní ó Oifig an Phoist nó le ráiteas bainc). Ráiteas Dliteanais don Bhliain Chánach Roimh Ré (Féach Leathanach 16 den Fhoirm Iarratais áit a bhfuil na sonraí ar fad).
- Fianaise ar Chlárú don Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) nó Priontáil "Mo Phróifíl CMÁ" ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim. (Tá eolas maidir le ceanglais eile le fáil ar leathanach 20)
- Ní mór gach leathanach den fhoirm a líonadh go hiomlán.
- **Tabhair faoi deara nach mór go mbeifeá in ann aon chostas breise a íoc (más infheidhme) nach bhfuil clúdaithe ag an deontas.**
- Doiciméid bhreise mar atá sonraithe thíos ag brath ar an gcineál deontais a theastaíonn uait.

**Síntí/Tiontuithe ar sheomra leapa/seomra folctha:**

- Tuairisc ó Theiripeoir Saothair (do gach cineál sínidh nó d'athrú mór ar úsáid seomra)
- Deimhniú maidir le Cead Pleanála nó Deimhniú Díolúine (níl a leithéid riachtanach tráth déanta an iarratais)
- Líníochtaí d'oibreacha beartaithe
- Meastachán amháin

**Oiriúnú Seomra Folctha:**

- Meastachán mhionsonraithe amháin
- Sceitse den leagan amach faoi láthair agus den leagan amach atá beartaithe
- Grianghraf den seomra folctha
- Ní mór Teastas Dochtúra ar an bhFoirm a líonadh.

**Rampaí:**

- Meastachán mhionsonraithe amháin
- Sceitse den leagan amach faoi láthair agus den leagan amach atá beartaithe
- Grianghraf den áit ina bhfuil an rampa le suiteáil
- Ní mór Teastas Dochtúra ar an bhfoirm a líonadh

**Cathaoir Staighre:**

- Meastachán amháin
- Grianghraf den staighre

- Ní mór Teastas Dochtúra ar an bhFoirm a líonadh. Tabhair faoi deara go mbeidh Tuairisc an Teiripeora Shaothair ag teastáil freisin (féach leathanach 21)

**Athshreangú:**

- Meastachán amháin
- Grianghraf de na hOibreacha Leictreacha
- Tuarascáil Chigireachta Thréimhsiúil ó leictreoir ina ndéantar cur síos ar na hoibreacha deisiúcháin riachtanacha. (Ní mór go mbeadh an Leictreoir Cláraithe le Safe Electric).

**Téamh Lárnach:**

- **Níl aon Chúnamh deontais ar fáil d'athsholáthar nó do shuiteáil COIRE BREOSLA IONTAISE NUA (coire gáis nó ola)**
- Más mian leat Oibreacha deisiúcháin a dhéanamh ar sheanchoire beidh ort tuairisc a chur ar fáil ó chonraitheoir teasa ina ndéantar cur síos ar an mbail atá ar an gcóras teasa atá ann faoi láthair.

**Oibreacha Deisiúcháin/Athsholáthar Dín:**

- Meastachán amháin
- Grianghraf de Dhíon
- Deimhniú ó do Chuideachta Árachais Tí ina sonraítear nach gclúdóidh sí an costas nó deimhniú i scríbhinn nach bhfuil árachas tí agat.

**Fuinneoga/Doirse:**

- Meastachán amháin
- Grianghraf d'fhuinneoga/de dhoirse – ní chlúdaíonn an deontas ach athsholáthar fuinneog gloinithe shingil nó seanfhuinneog alúmanaim/adhmaid. Ní chuirfear **fuinneoga déghloinithe san áireamh.**

**FÉACH AR AN IARRATAS CHUN EOLAS MAIDIR LE CEANGLAIS EILE A FHÁIL A BHAINEANN LE hIARRATAS A DHÉANAMH AR NA DEONTAIS AGUS OIBREACHA EILE ATÁ CLÚDAITHE. (Féach Leathanach 20)**

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

An Ghníomhaireacht
Tithíochta
The Housing Agency

# Foirm Iarratais

# Deontais Oiriúnaithe Tithe do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas

## Maidir leis an bhfoirm seo

Is mian linn cabhrú leat chun iarratas a dhéanamh ar an deontas nó ar na deontais a theastaíonn uait trí úsáid a bhaint as an bhfoirm seo.
Chun cabhrú leat chun é sin a dhéanamh, inseoimid duit faoi cheithre rud ar dtús:

a) Deontais ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu tríd an bhfoirm seo a úsáid;
b) Ceanglais le haghaidh na ndeontas;
c) Seicliosta de dhoiciméid atá le seoladh leis an bhfoirm seo;
d) An áit ar cheart duit d'fhoirm chomhlánaithe a sheoladh.

**Tabhair faoi deara:** Ní mór go gceadaítear an t-iarratas deontais sular féidir tús a chur le haon obair ar an teach.

Is fiú an fhoirm seo a léamh go cúramach **sula** gcomhlánaíonn tú í. Cén fáth? Toisc go sábhálfaidh sé am duit agus cabhróidh sé linn d'iarratas a phróiseáil níos tapa. Is féidir leat an fhoirm seo a chomhlánú tú féin nó cabhair a fháil ó dhuine éigin a bhfuil aithne agat orthu, agus muinín agat astu, chun an fhoirm seo a chomhlánú duit. Ach beidh ort do shíniú a thabhairt agus a dhearbhú go bhfuil an fhaisnéis ar fad ar leathanach 19 ceart agus fíor.

**Ceisteanna?** Má tá aon cheist agatsa, nó ag an duine a bhfuil an fhoirm seo á comhlánú acu, déan teagmháil le d'údarás áitiúil agus beidh duine éigin ansin in ann cabhrú leat.

## a) Deontais ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu tríd an bhfoirm seo a úsáid;

Tá trí dheontas ar fáil do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas chun cabhrú leo tuilleadh sábháilteachta a chur lena dteach agus chun cinntiú go bhfuil sé níos éasca bogadh thart ann. Is iad seo a leanas na deontais:

1. An Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas (leathanach 3-4)
2. Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta (leathanach 5)
3. Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta (leathanach 6-7)

## b) Ceanglais don deontas

Ní mór go bhfuil na nithe seo a leanas curtha i gcrích ag an duine ar dóibh an deontas:

- **an t-iarratas deontais a bheith ceadaithe sula gcuirtear tús leis an obair ar an teach;**
- cónaí a bheith orthu sa teach agus an obair curtha i gcrích;
- a ngnóthaí cánach a bheith in ord;
- imréiteach cánach a bheith acu ó na Coimisinéirí Ioncaim más mó ná €10,000 luach an deontais;
- a thaispeáint go bhfuil an Cháin Mhaoine Áitiúil don teach íoctha.

## c) Seicliosta de dhoiciméid atá le seoladh leis an bhfoirm seo

Chun é a dhéanamh níos éasca duit na doiciméid ar fad nach mór duit a sheoladh leis an bhfoirm seo a fheiceáil, tá **seicliosta** curtha ar fáil ar leathanach 20. Ná déan dearmad, ní mór duit cruthúnas ar ioncam a sheoladh chun eolas a fháil faoin deontas a d'fhéadfadh a bheith ar fáil duit. Le haghaidh deontas 1 agus 2 ní mór dochtúir a fháil chun cuid an Teastais Dochtúra ar leathanach 17-18 a chomhlánú. Léigh an seicliosta seo – sula dtosaíonn tú ag comhlánú na foirme más féidir – **agus** cinntigh go seolann tú na doiciméid ar fad i dteannta le d'fhoirm iarratais chomhlánaithe.

## d) An áit ar cheart duit d'fhoirm chomhlánaithe a sheoladh

Ní mór duit iarratas a chur faoi bhráid **d'údaráis áitiúil** trí úsáid a bhaint as an bhfoirm seo le haghaidh aon cheann de na deontais seo. Is féidir leat an fhoirm seo a chomhlánú uair amháin agus í a úsáid chun iarratas a dhéanamh i dtaca le níos mó ná deontas amháin. Má tá aon cheist agat, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil agus beidh duine éigin ansin in ann cabhrú leat.

# 1 Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas

## Cé dó an deontas seo?

Tá an deontas seo ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas fisiciúil, meabhrach, meabhairshláinte nó intleachtúil. Is féidir an deontas a úsáid chun athruithe móra a dhéanamh do do theach.

## Cén cineál tí a bhfuil an deontas ar fáil lena aghaidh?

D'fhéadfaí go gcáileodh do theach don deontas seo **más** ionann é agus aon cheann de na tithe seo a leanas:

- faoi úinéireacht phríobháideach (is leat féin nó le do theaghlach é);
- ar cíos ó thiarna talún le comhaontú tionóntachta reatha cláraithe leis an mBord um Tionóntachtaí Cónaithe (BTC) **agus** tá cead faighte agat ón tiarna talún chun na hathruithe a dhéanamh;
- curtha ar fáil ag Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (tá liosta díobh seo le fáil ag www.ahbregulator.ie);
- áras cónaithe pobail – cóiríocht ina maireann daoine le chéile i ngrúpthithe le tacaíocht.

## Céard le haghaidh is féidir liom an deontas seo a úsáid?

Is féidir leat an deontas seo a úsáid chun rochtain i do theach a fheabhsú, amhail rudaí mar seo a chur leis:

- rampa nó bealaí eile chun rochtain a fháil ar do theach;
- greimráillí;
- áiseanna seomra folctha amhail cithfholcadán inrochtana nó leithreas thíos staighre;
- cathaoir staighre nó ardaitheoir tríd an urlár;
- crocháin riain shuite (seachas aon chostas seirbhísithe, cothabhála agus oiliúna);
- spás do bhealach isteach do chathaoireacha rothaí;
- síneadh (de ghnáth seomra leapa agus/nó seomra folctha do dhuine faoi mhíchumas).

## Measúnú teiripeora saothair

Beidh ar theiripeoir saothair (TS) measúnú a dhéanamh ort má tá iarratas á dhéanamh agat ar aon cheann acu seo a leanas:

- athrú mór ar úsáid seomra i do theach;
- cathaoir staighre nó ardaitheoir tríd an urlár;
- crochán riain shuite;
- síneadh.

Caithfear é sin a dhéanamh chun a chinntiú go ndéantar an obair cheart sa teach chun freastal ar do riachtanais.

Is féidir leat an tuarascáil mheasúnaithe seo a fháil ó theiripeoir saothair phríobháidigh. Má éiríonn le d'iarratas deontais, íocfaidh d'údarás áitiúil suas le €300 de chostas an mheasúnaithe seo duit mar chuid den deontas.

**Mura** ndearna teiripeoir saothair measúnú ort, is féidir le d'údarás áitiúil measúnú a eagrú duit i ndiaidh d'iarratas a fháil.

## Cé mhéad is fiú an deontas?

Braitheann sé. Clúdaíonn an deontas **cuid** de chostas na hoibre is gá a dhéanamh, ach **ní** an costas ar fad. Braitheann an méid airgid a fhaigheann tú ar d'ioncam teaghlaigh don bhliain chánach roimh ré (nó don bhliain chánach reatha i roinnt cásanna speisialta – féach leathanach 16). Ní mór duit an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar an bhfoirm seo ar leathanach 14. Tá roinnt neamhairde agus asbhaintí a d'fhéadfadh méid an ioncaim teaghlaigh a laghdú a chuireann d'údarás áitiúil san áireamh. Tá siad sin mínithe againn ar leathanach 8-9.

Is é €40,000 nó 100% de chostas iomlán na hoibre ceadaithe ag d'údarás áitiúil (cibé acu is **lú**) **an méid is mó** is féidir leat a fháil.

**Tabhair faoi deara: Níl** deontas ar fáil más mó ná €75,000 an t-ioncam teaghlaigh, i ndiaidh na neamhairde agus na n-asbhaintí a chur i bhfeidhm.

Má thuilleann úinéir (agus a gcéile) an teaghlaigh (agus a gcéile) €75,000 nó níos lú, i ndiaidh na neamhairde agus na n-asbhaintí a chur i bhfeidhm, taispeántar sa tábla thíos faisnéis maidir le méid an deontais is féidir leat a fháil.

| Ioncam teaghlaigh bliantúil | Céatadán na gcostas | Uasmhéid deontais do thithe a tógadh níos mó ná 12 mhí ó shin | Deontas uasta do thithe a tógadh le 12 mhí anuas |
|---|---|---|---|
| Suas le €37,500 | 100% | €40,000 | €20,000 |
| €37,501 - €43,750 | 85% | €34,000 | €17,000 |
| €43,751 - €50,000 | 75% | €30,000 | €15,000 |
| €50,001 - €62,500 | 50% | €20,000 | €10,000 |
| €62,501 - €75,000 | 30% | €12,000 | €6,000 |
| Os cionn €75,000 | | Níl aon deontas iníoctha | |

## Céard nach gclúdaíonn an deontas?

**Ní** chlúdaíonn sé costas CBL na hoibre. B'fhéidir go mbeifeá in ann roinnt den CBL a athéileamh (a fháil ar ais) ó na Coimisinéirí Ioncaim i ndiaidh duit íoc as an obair (tá tuilleadh faisnéise le fáil ar www.revenue.ie).

### Sampla

Má tá d'ioncam teaghlaigh don bhliain chánach roimhe sin cothrom le €45,000 i ndiaidh na neamhairde agus na n-asbhaintí a chur i bhfeidhm, agus má tógadh do theach níos mó ná bliain ó shin, beidh do dheontas cothrom le 75% de chostais na hoibre suas go dtí teorainn de €30,000. Ciallaíonn sé sin má chosnaíonn an obair ar an teach €32,000 **gan CBL**, nach gclúdóidh an deontas **ach** €24,000 agus ní €30,000. B'fhéidir go mbeifeá in ann cuid den CBL de €4,320 (13.5% de €32,000) a athéileamh (a fháil ar ais) ó na Coimisinéirí Ioncaim.

# 2 Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta

## Cé dó an deontas seo?

Tá an deontas seo á chur ar fáil do dhaoine scothaosta **agus/nó** do dhaoine faoi mhíchumas a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu bogadh thart ina dteach mar gheall ar fhadhbanna soghluaisteachta.

## Cén cineál tí a bhfuil an deontas ar fáil lena aghaidh?

D'fhéadfaí go gcáileodh do theach don deontas seo **más** ionann é agus aon cheann de na tithe seo a leanas:

- faoi úinéireacht phríobháideach (is leat féin nó le do theaghlach é);
- ar cíos ó thiarna talún le comhaontú tionóntachta reatha cláraithe leis an mBord um Tionóntachtaí Cónaithe (BTC) **agus** tá cead faighte agat ón tiarna talún chun na hathruithe a dhéanamh;
- curtha ar fáil ag Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (tá liosta díobh seo le fáil ag www.ahbregulator.ie);
- áras cónaithe pobail – cóiríocht ina maireann daoine le chéile i ngrúpthithe le tacaíocht.

## Céard le haghaidh is féidir liom an deontas seo a úsáid?

Is féidir leat an deontas seo a úsáid chun rochtain i do theach a fheabhsú, amhail rudaí mar seo a chur leis:

- greimráillí;
- rampa;
- cithfholcadán inrochtana;
- crocháin riain shuite (seachas aon chostas seirbhísithe, cothabhála agus oiliúna);
- cathaoir staighre.

## Measúnú teiripeora saothair

Beidh ar theiripeoir saothair (TS) measúnú a dhéanamh ort má tá iarratas á dhéanamh agat ar chrochadán riain shuite nó ar chathaoir staighre. Is féidir leat an tuarascáil seo a fháil ó theiripeoir saothair phríobháidigh. Má éiríonn le d'iarratas deontais, íocfaidh d'údarás áitiúil suas le €300 de chostas an mheasúnaithe seo duit mar chuid den deontas. Mura ndearna teiripeoir saothair measúnú ort, is féidir le d'údarás áitiúil measúnú a eagrú duit i ndiaidh d'iarratas a fháil.

## Cé mhéad is fiú an deontas?

Braitheann sé. Is é €8,000 **nó** costas iomlán na hoibre atá ceadaithe ag d'údarás áitiúil an méid is mó is féidir leat a fháil (cibé acu is lú). D'fhéadfadh an deontas seo 100% de chostas na hoibre a chlúdach, suas go dtí uasmhéid de €8,000. Tá roinnt neamhairde agus asbhaintí a d'fhéadfadh méid an ioncaim teaghlaigh a laghdú a chuireann d'údarás áitiúil san áireamh. Tá siad sin mínithe againn ar leathanach 8-9.

**Tabhair faoi deara: Níl** deontas ar fáil más mó ná €37,500 an t-ioncam teaghlaigh don bhliain chánach roimhe sin (nó don bhliain chánach reatha i roinnt cásanna speisialta – féach leathanach 16). Is é sin an figiúr atá i gceist i ndiaidh na neamhairde agus na n-asbhaintí a chur i bhfeidhm.

## Céard nach gclúdaíonn an deontas?

Ní chlúdaíonn sé costas CBL na hoibre. B'fhéidir go mbeifeá in ann roinnt den CBL a athéileamh (a fháil ar ais) ó na Coimisinéirí Ioncaim i ndiaidh duit íoc as an obair (tá tuilleadh faisnéise le fáil ar www.revenue.ie).

# 3 Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

## Cé dó an deontas seo?

Is do dhaoine atá 66 bliain d'aois nó níos sine an deontas seo, chun obair dheisiúcháin riachtanach a dhéanamh, ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh ina gcónaí ina dteach féin. Ó am go chéile, is féidir an deontas seo a íoc le daoine atá faoi bhun 66 bliain d'aois, ach i gcásanna cruatain amháin.

## Cén cineál tí a bhfuil an deontas ar fáil lena aghaidh?

Teach atá faoi úinéireacht phríobháideach ina bhfuil an méid seo a leanas fíor faoin duine scothaosta:

- tá an teach faoina n-úinéireacht; nó
- tá ceart acu cónaí sa teach (ceart cónaithe) ina mbeidh an obair á déanamh.

## Céard le haghaidh is féidir liom an deontas seo a úsáid?

Is féidir leat an deontas seo a úsáid chun obair dheisiúcháin riachtanach a dhéanamh. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist:

- cabhair chun an díon a dheisiú nó a athsholáthar;
- an sreangú leictreachais a uasghrádú;
- doirse agus fuinneoga a dheisiú nó a athsholáthar;
- An córas teasa a dheisiú má tá sé briste nó córas teasa a chur ar fáil mura bhfuil aon chóras teasa ann. **Níl deontais ar fáil chun coirí breosla iontaise nua a cheannach**, coirí ola nó gáis mar shampla.

## Ceanglais speisialta don deontas seo

**Ní theastaíonn aon doiciméad leighis** don deontas seo, de bhrí go mbraitheann sé ar an mbail atá ar do theach, agus **cé** chomh práinneach is atá na hoibreacha deisiúcháin. Má tá d'iarratas práinneach, **áfach**, mar gheall ar riocht sláinte, ní mór duit cuid an Teastais Dochtúra den fhoirm iarratais seo, ar leathanach 17-18, a chomhlánú.

| Más gá duit: | ní mór duit na nithe seo a leanas a sheoladh chuig d'údarás áitiúil |
|---|---|
| **1 Do dhíon a dheisiú nó a athsholáthar** | ... **litir** ó do chomhlacht árachais ina sonraítear nach bhfuil na hoibreacha deisiúcháin clúdaithe faoi do pholasaí. |
| **2 An sreangú leictreachais a uasghrádú** | ... **Tuarascáil Chigireachta Thréimhsiúil** ó leictreoir ina ndéantar cur síos ar bhail an tsreangaithe atá ann faoi láthair. Ní mór go mbeadh an leictreoir sin cláraithe le Safe Electric. |
| **3 Córas teasa a dheisiú nó a sholáthar** | ... **tuarascáil** ó chonraitheoir teasa ina ndéantar cur síos ar bhail an chórais teasa atá ann cheana. |

## Cé mhéad is fiú an deontas?

Braitheann sé. Clúdaíonn an deontas **cuid** de chostas na hoibre is gá a dhéanamh, ach ní an costas ar fad. Braitheann an méid airgid a fhaigheann tú ar d'ioncam teaghlaigh don bhliain chánach roimh ré (nó don bhliain chánach reatha i roinnt cásanna speisialta – féach leathanach 16). Ní mór duit an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar an bhfoirm seo ar leathanach 14. Tá roinnt neamhairde agus asbhaintí a d'fhéadfadh méid an ioncaim teaghlaigh a laghdú a chuireann d'údarás áitiúil san áireamh. Tá siad sin mínithe againn ar leathanach 8-9.

Is é €10,700 **nó** 100% de chostas iomlán na hoibre ceadaithe ag d'údarás áitiúil (cibé acu is lú) an méid is mó is féidir leat a fháil. **D'fhéadfaí** an deontas seo a úsáid chun costas iomlán na hoibre a chlúdach lena n-áirítear an CBL.

**Tabhair faoi deara: Níl** deontas ar fáil más mó ná €75,000 an t-ioncam teaghlaigh, i ndiaidh na neamhairde agus na n-asbhaintí a chur i bhfeidhm.

Má thuilleann úinéir an teaghlaigh (agus a gcéile) €75,000 nó níos lú, i ndiaidh na neamhairde agus na n-asbhaintí a chur i bhfeidhm, taispeántar sa tábla thíos faisnéis maidir le méid an deontais is féidir leat a fháil.

| Ioncam teaghlaigh bliantúil | Céatadán na gcostas | Uasmhéid deontais |
|---|---|---|
| Suas le €37,500 | 100% | €10,700 |
| €37,501 - €43,750 | 85% | €9,095 |
| €43,751 - €50,000 | 75% | €8,025 |
| €50,001 - €62,500 | 50% | €5,350 |
| €62,501 - €75,000 | 30% | €3,210 |
| Os cionn €75,000 | Níl aon deontas iníoctha | Níl aon deontas iníoctha |

### Sampla

Má tá d'ioncam teaghlaigh don bhliain chánach roimhe sin cothrom le €45,000 i ndiaidh na neamhairde agus na n-asbhaintí a chur i bhfeidhm, beidh do dheontas cothrom le 75% de chostas na hoibre, suas le huasmhéid de €8,025. Ciallaíonn sé sin má chosnaíonn an obair ar an teach €15,000 **lena n-áirítear CBL**, nach gclúdóidh an deontas **ach** €8,025 agus ní €11,250.

# Faisnéis thábhachtach faoi ioncam

## An tionchar a bheidh ag d'ioncam teaghlaigh ar an deontas

Má éiríonn le d'iarratas, braitheann méid an deontais a fhaigheann tú ar d'ioncam teaghlaigh don bhliain chánach roimh ré (nó don bhliain chánach reatha i roinnt cásanna speisialta – féach leathanach 16). Nuair a bhíonn an méid á oibriú amach, breithneoidh d'údarás áitiúil an t-ioncam tuillte ag an úinéir (agus a gcéile más cuí) más leat féin nó le do theaghlach an teach.

Má tá aon cheann díobh seo a leanas fíor faoi do theach, ní bhreithneoidh d'údarás áitiúil ach an t-ioncam tuillte ag an tionónta (agus a gcéile más cuí), agus ní ag an úinéir:

- ar cíos ó thiarna talún, agus is féidir leat comhaontú tionóntachta reatha cláraithe leis an mBord um Tionóntachtaí Cónaithe (BTC) a chur ar fáil; **nó**
- curtha ar fáil ag Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (tá liosta díobh seo le fáil ag www.ahbregulator.ie); **nó**
- áras cónaithe pobail – cóiríocht ina maireann daoine le chéile i ngrúpthithe le tacaíocht.

## Faisnéis maidir le neamhaird

Ní chuirtear roinnt íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) san áireamh agus d'ioncam teaghlaigh á oibriú amach. Neamhaird a thugtar ar a leithéid, agus ina measc tá:

- **Sochar / Liúntas Cúramóra**
- **Deontas Tacaíochta Cúramóra**
- **Sochar Linbh**
- **Liúntas Cúraim Bhaile**
- **Liúntas Cúraim Altrama**
- **Liúntas Breosla**
- **Pacáiste Sochair Teaghlaigh**
- **Méadú Maireachtála Aonair**
- **Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht**

## Faisnéis faoi asbhaintí

Tá cúig chineál asbhainte ann a laghdaíonn méid an ioncaim theaghlaigh a chuireann d'údarás áitiúil san áireamh. Is iad sin:

1. Bíonn asbhaint de €6,250 infheidhme maidir le gach ball den teaghlach atá:
   - faoi bhun 18 mbliana d'aois; **nó**
   - faoi bhun 23 bliain d'aois **má tá** siad in oideachas lánaimseartha.
2. Bíonn asbhaint de €6,250 infheidhme má tá gaol ag tabhairt aire go lánaimseartha don duine **a bhfuil an deontas á fháil acu**.
3. Bíonn asbhaint de **suas le** €6,250 infheidhme maidir le costais tithíochta amhail cíos nó aisíocaíochtaí morgáiste don teach ina ndéanfar na hoibreacha.
4. Bíonn asbhaint de **suas le** €12,500 infheidhme má tá táillí cúraim chónaithe á n-íoc ag an úinéir i leith:
   - a gcéile; **nó**
   - úinéara eile an tí.

**5.** Tá asbhaint de **suas le** €12,500 (nó **suas le** €6,250 **i gceist má éilítear asbhaint 2 freisin**) sa chás ina bhfuil táillí cúraim bhaile á n-íoc ag an úinéir i leith:

- a gcúraim féin; **nó**
- cúraim a gcéile; **nó**
- cúraim dhuine éigin eile a bhfuil cónaí orthu sa teach.

## Sampla

### Teaghlach le hioncam teaghlaigh de €60,000 n aghaidh na bliana

Is sampla é sin den tslí a gcuirtear an neamhaird agus na hasbhaintí i bhfeidhm ar theaghlach.

Tá ioncam teaghlaigh de €60,000 don bhliain chánach roimhe sin ag clann Uí Riain, agus tá sochar linbh de €1,680 san áireamh leis seo. Chomh maith leis sin, tá a gcuid aisíocaíochtaí morgáiste cothrom le €8,000 gach bliain.

### Céard air a thugtar neamhaird (nach gcuireann an t-údarás áitiúil san áireamh)

a) Tabharfaidh an t-údarás áitiúil neamhaird ar an sochar linbh de €1,680 agus méid an deontais atá le híoc le Clann Uí Riain á oibriú amach.
Laghdaítear an t-ioncam teaghlaigh a chuireann an t-údarás áitiúil san áireamh go dtí €58,320.
(Seo a leanas an chúis: €60,000 - €1,680 = €58,320)

### Asbhaintí

b) Tá mac amháin, 12 bhliain d'aois, atá ag freastal ar an mbunscoil, agus iníon atá 20 bliain d'aois, atá ag freastal ar chúrsa oideachais lánaimseartha ag Clann Uí Riain. Tá asbhaint de €6,250 le cur i bhfeidhm do **gach** duine de na cleithiúnaigh sin, is asbhaint de €12,500 ar an iomlán é seo.
Tá an t-ioncam teaghlaigh atá á chur san áireamh ag an údarás áitiúil anois cothrom le €45,820.
(Seo a leanas an chúis: €58,320 - €12,500 = €45,820)

c) Chomh maith leis sin, is ann do dhuine muinteartha atá ag tabhairt aire ar bhonn lánaimseartha don duine a bhfuil an deontas á fháil ina leith.
Ciallaíonn sé sin go bhfuil asbhaint eile de €6,250 le cur i bhfeidhm ar an ioncam teaghlaigh iomlán.
Tá an t-ioncam teaghlaigh atá á chur san áireamh ag an údarás áitiúil anois cothrom le €39,570
(Seo a leanas an chúis: €45,820 - €6,250 = €39,570)

d) D'íoc clann Uí Riain aisíocaíochtaí morgáiste luach €8,000 anuraidh. Ciallaíonn sé sin go bhfuil asbhaint eile de €6,250 le cur i bhfeidhm ar an ioncam teaghlaigh iomlán.
Tá an t-ioncam teaghlaigh atá á chur san áireamh ag an údarás áitiúil anois cothrom le €33,320
(Seo a leanas an chúis: €39,570 - €6,250 = €33,320)

## An t-ioncam deiridh a chuirtear san áireamh

Tá an t-ioncam teaghlaigh deiridh atá á chur san áireamh ag an údarás áitiúil nuair a bhíonn an deontas á bhronnadh cothrom le €33,320. Ciallaíonn sé sin go mbeidh an teaghlach seo in ann an deontas is airde agus is féidir a fháil.

# Foirm Iarratais

Cuir tic taobh le ✓ sa bhosca in aice leis an deontas ar mian leat iarratas a dhéanamh air. Mura bhfuil a fhios agat cén deontas ar cheart duit iarratas a dhéanamh air, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil chun cabhair a fháil.

Is féidir leat an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar níos mó ná deontas amháin ag an am céanna.

Ná déan dearmad an fhaisnéis agus na doiciméid riachtanacha uile a chur san áireamh.

| | |
|---|---|
| Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas | ☐ |
| Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta | ☐ |
| Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta | ☐ |

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas ag baint úsáid as BLOCLITREACHA.

## Sonraí maidir le cé dó an deontas

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm | | | |
| Seoladh | | | |
| Éirchód | | | |
| Dáta breithe | | Uimhir PSP | |
| Seoladh Ríomhphoist | | | |
| Uimhir theileafóin an teagmhálaí | | | |

## Sonraí an duine a bhfuil an fhoirm iarratais seo á comhlánú acu

(Murab ionann iad agus an duine ar dóibh an deontas)

| | |
|---|---|
| Ainm | |
| Seoladh | |
| Éirchód | |
| Seoladh Ríomhphoist | |
| Uimhir Theileafóin an Teagmhálaí | |
| Gaol leis an duine ar dóibh an deontas | |

| Cuir tic sa bhosca má íocadh aon cheann de na deontais seo roimhe seo don **teach** céanna nó don **duine céanna**. | ☐ Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas<br>☐ Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta<br>☐ Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta |
|---|---|

An bhfuil duine muinteartha ag tabhairt aire go lánaimseartha don duine ar dóibh an deontas? **Tá** ☐ **Níl** ☐

**Má tá, cuir sonraí an duine muinteartha a bhfuil an cúram á sholáthar acu ar fáil**

Ainm

Gaol leis an duine ar dóibh an deontas

Cé mhéad is fiú na haisíocaíochtaí cíosa nó morgáiste gach mí sa teach ina ndéanfar na hoibreacha? €

Aon bhfuil aon chuid de na haisíocaíochtaí cíosa nó morgáiste á n-íoc ag an Rialtas?
**Má tá, cé mhéad a íoctar gach mí?** €

An bhfuil cónaí ar bhall den teaghlach i gcúram cónaithe i láthair na huaire? **Tá** ☐ **Níl** ☐

**Má tá, cuir sonraí faoin duine sin ar fáil**

Ainm

Gaol leis an duine ar dóibh an deontas

Cé chomh fada is atá cónaí orthu i gcúram cónaithe?

Cé mhéad a chosnaíonn sé gach mí? €

An bhfuil ball den teaghlach ag íoc as cúram baile i láthair na huaire? **Tá ☐ Níl ☐**

**Má tá, cuir sonraí faoin duine sin ar fáil**

| | |
|---|---|
| Ainm | |
| Gaol leis an duine ar dóibh an deontas | |
| Cé chomh fada is atá cúram baile á fháil acu? | |
| Cé mhéad a chosnaíonn sé gach mí? | € |

## Sonraí faoin tí ina ndéanfar an obair

(Murab ionann iad agus an duine ar dóibh an deontas)

| | |
|---|---|
| Ainm an úinéara | |
| Seoladh an tí ina ndéanfar an obair | |
| Éirchód | |

Cé chomh fada is atá cónaí ar an duine ar dóibh an deontas anseo?

An mbeidh cónaí ar an duine ar dóibh an deontas anseo nuair a bheidh an obair críochnaithe?
**Is coinníoll é seo a bhaineann leis an deontas.** **Beidh ☐ Ní bheidh ☐**

Cé leis an teach?
- ☐ Is leatsa é
- ☐ Is le do theaghlach é
- ☐ Tiarna talún
- ☐ Comhlacht Ceadaithe Tithíochta

An i gcomhair tí atá beartaithe agat a thógáil an deontas seo? **Is ea ☐ Ní hea ☐**

Cuir tic sa bhosca ina ndéantar cur síos ar an teach.
- ☐ Scoite
- ☐ Leathscoite
- ☐ Sraithe
- ☐ Árasán

Ar tógadh an teach le 12 mhí anuas? **Tógadh ☐ Níor tógadh ☐**

An bhfuil Cáin Mhaoine Áitiúil íoctha don teach? **Tá** ☐ **Níl** ☐

Beidh ort cruthúnas a sheoladh chuig d'údarás áitiúil go bhfuil Cáin Mhaoine Áitiúil cothrom le dáta íoctha don teach ina ndéanfar an obair. D'fhéadfaí litir ó na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar fáil nó asphrionta de do leathanach Próifíle CMÁ agus den leathanach taifid íocaíochta ar líne iomlán, ar a dtaispeánfar:

- go bhfuil an cháin seo íoctha le haghaidh gach bliain; **nó**
- go bhfuil iarchur íocaíochta i gceist (íocfar Cáin Mhaoine Áitiúil níos déanaí); **nó**
- díolúine (ní gá Cáin Mhaoine Áitiúil a íoc).

Cuir in iúl dúinn an líon seomraí difriúla sa teach:

| | Seomraí leapa | Seomraí folctha | Seomra suí | Seomra bia | Cistin | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Thuas Staighre | | | | | | |
| Thíos staighre | | | | | | |

Ba cheart duit comhairle ghairmiúil a fháil sula gcomhlánaíonn tú an chéad chuid eile.

Liostaigh sonraí na hoibre is mian leat a dhéanamh i do theach:

Cé mhéad a chosnóidh an obair dar leat, CBL san áireamh? €

An féidir leat aon chostas breise **nach bhfuil clúdaithe** ag an deontas a íoc? **Is féidir** ☐ **Ní féidir** ☐

**Ba cheart go mbeadh úinéirí tí airdeallach ar a bhfreagrachtaí faoi Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2013 (tá tuilleadh sonraí le fáil ar www.hsa.ie).**

**Má tá tú ceadaithe le haghaidh deontais agus mura bhfuil siad suiteáilte cheana féin, beidh na rudaí seo a leanas uait:**

- dhá aláram deataigh/teasa ar a laghad – neamhspleách agus le ceallra 10 mbliana
- brathadóir aonocsaíde carbóin má úsáideann tú teas breosla iontaise cosúil le gás nó gual. Ní mór don bhrathadóir aonocsaíde carbóin an caighdeán – EN 50291 (marcáilte ar an mbosca) – a chomhlíonadh.

Cé mhéad aláram atá suiteáilte cheana féin sa teach ina ndéanfar an obair?

Aláraim deataigh / teasa ☐

Brathadóirí aonocsaíde carbóin ☐

# Sonraí ioncaim an teaghlaigh:

Sa tábla thíos, cuir san áireamh na sonraí ioncaim don bhliain chánach roimhe sin (nó don bhliain chánach reatha i roinnt cásanna speisialta – féach leathanach 16) d'úinéir cláraithe na réadmhaoine (agus a gcéile más infheidhme) má tá an teach faoi d'úinéireacht féin nó faoi úinéireacht do theaghlaigh.

Más ionann do theach agus ceann acu seo a leanas, ná cuir san áireamh ach na sonraí ioncaim don bhliain chánach roimhe sin (nó don bhliain chánach reatha i roinnt cásanna speisialta – féach leathanach 16) don tionónta (agus a gcéile más cuí), agus ní don úinéir:

- ar cíos ó thiarna talún, agus is féidir leat comhaontú tionóntachta reatha cláraithe leis an mBord um Tionóntachtaí Cónaithe (BTC) a chur ar fáil; **nó**
- curtha ar fáil ag Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (tá liosta díobh seo le fáil ag www.ahbregulator.ie); **nó**
- áras cónaithe pobail – cóiríocht ina maireann daoine le chéile i ngrúpthithe le tacaíocht.

| Ainm | Gaol leis an duine ar dóibh an deontas | Dáta breithe LL/MM/BBBB | UPSP | Ioncam (airgead tuillte lena n-áirítear pinsean ón mbliain chánach roimhe sin)* |
|---|---|---|---|---|
| | | | | € |
| | | | | € |
| | | | | € |
| | | | | € |
| | | | | € |
| | | | | € |

* Féadfar ioncam ón mbliain chánach reatha a liostú anseo i roinnt cásanna speisialta – féach leathanach 16

## Sonraí na gcleithiúnach sa teaghlach:

Sa tábla thíos, cuir sonraí ar fáil maidir leis na cleithiúnaigh ar fad atá ina gcónaí sa teaghlach atá:

- faoi bhun 18 mbliana d'aois; **nó**
- faoi bhun 23 bliain d'aois **má tá** siad in oideachas lánaimseartha.

**Cuir an duine ar dóibh an deontas san áireamh, le do thoil (más infheidhme).**

| **Ainm** | **Gaol leis an duine ar dóibh an deontas** | **Dáta breithe** LL/MM/BBBB | **UPSP** | **Ainm scoile nó coláiste** (más infheidhme) |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

# Sonraí ioncam an teaghlaigh

Nuair atá iarratas ar dheontas á dhéanamh agat, **ní mór duit** cruthúnas ar **d'ioncam teaghlaigh** don bhliain chánach roimhe sin a chur ar fáil le d'iarratas.

**Bíonn cásanna speisialta infheidhme** sa chás inarb ionann an duine ar dóibh na hoibreacha agus an t-úinéir (nó a gcéile) **agus**:

- Tháinig athrú tobann agus ollmhór ar a n-ioncam mar gheall ar thinneas, gortú nó míchumas, **agus**
- Beidh a n-ioncam laghdaithe go ceann i bhfad.

**Beidh ort teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil** má shíleann tú go mbeidh sé seo infheidhme. Inseoidh an t-údarás áitiúil duit cén fhianaise ar d'ioncam teaghlaigh a bheidh ag teastáil don bhliain chánach reatha.

Anois déanfaimid cur síos ar na doiciméid nach mór duit a sheoladh chuig d'údarás áitiúil le haghaidh na gcineálacha ioncaim seo a leanas.

1. Oibrithe ÍMAT nó daoine a bhfuil pinsean príobháideach á fháil acu

   Cuir Ráiteas Dliteanais don bhliain chánach roimhe sin ar fáil. Is féidir leat féachaint ar do Ráiteas Dliteanais agus é a phriontáil ar líne. Ar dtús, ní mór duit cuntas a chruthú ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim (www.revenue.ie).

   Teastaíonn an méid seo a leanas ó gach iarrthóir chun clárú:

   - uimhir PSP;
   - dáta breithe;
   - uimhir fóin phóca nó líne talún;
   - seoltaí: seoladh baile agus ríomhphoist.

   **Níl aon seoladh ríomhphoist agat?** Mura bhfuil seoladh ríomhphoist nó rochtain ar an idirlíon agat, glaoigh ar an uimhir 01 738 3636 agus iarr ar dhuine éigin "Foirm 12 Tuairisceán Ioncaim" a sheoladh chuig do sheoladh poist. Beidh ort an fhoirm a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais chuig oifig áitiúil na gCoimisinéirí Ioncaim chun Ráiteas Dliteanais a fháil.

2. Daoine Féinmheasúnaithe/Féinfhostaithe

   Cuir cóip de do "Féinfhostaíocht – Caibidil 4 de Chuid 41A TCA 1997" Measúnú Cánach Ioncaim ar fáil.

   Seolann na Coimisinéirí Ioncaim an doiciméad seo chugat nuair a chuireann tú "Foirm 11 Tuairisceán Ioncaim" isteach, ar líne ag www.ros.ie nó tríd an leagan páipéir den fhoirm a chur isteach le d'oifig cánach áitiúil.

3. Daoine a fhaigheann ioncam ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS)

   Go hiondúil, cuimsítear an t-ioncam seo i Ráiteas Dliteanais nó i Measúnú Cánach Ioncaim. Mura bhfuil d'ioncam ón RCS san áireamh, beidh ort ráiteas a fháil ón RCS in ionad sin ar a dtaispeántar cé mhéad a fuair tú sa bhliain chánach roimhe sin. Is féidir leat é sin a fháil ag www.welfare.ie nó ó d'oifig RCS áitiúil.

# Teastas Dochtúra

**Ní mór do do Dhochtúir** an chuid seo a chomhlánú má tá iarratas á dhéanamh agat ar:

- Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas; agus/nó
- Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta.

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar Dheontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta (féach leathanach 6), **ní gá** duit an chuid seo a chomhlánú, ach amháin má tá d'iarratas práinneach mar gheall ar riocht sláinte.

### Sonraí an duine ar dóibh an deontas

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas ag baint úsáid as BLOCLITREACHA.

| | |
|---|---|
| Ainm | |
| Seoladh | |
| An riocht/na riochtaí atá ag cur isteach ar an duine | |
| Cineál agus leibhéal an mhíchumais nó na faidhbe soghluaisteachta: | |

An bhfuil cathaoir rothaí in úsáid go lánaimseartha ag an duine? **Tá** ☐ **Níl** ☐

## Teastas Dochtúra (ar lean)

Chun cabhrú linn cinneadh a dhéanamh maidir le cé chomh práinneach is atá an t-iarratas, cuir tic ✓ **sa bhosca cuí:**

### Tosaíocht 1:

- Tá galar a mbáis ar an duine nó tá siad ag brath go príomha ar theaghlaigh nó ar chúramóir; **nó** ☐
- Thacódh oiriúnuithe sa teach leo chun an t-ospidéal/cúram cónaithe a fhágáil. ☐

### Tosaíocht 2:

- Tá an duine in ann siúl thart ach teastaíonn cabhair uathu le níochán, le saoráidí leithris, seomra leapa, agus mar sin de; **nó** ☐
- Bheadh cumas an duine feidhmiú go neamhspleách níos deacra **gan** na hoiriúnuithe. ☐

### Tosaíocht 3:

- Tá an duine neamhspleách faoi láthair, ach teastaíonn oiriúnuithe uathu chun a dteach a ullmhú don todhchaí ionas gur féidir leo cónaí go neamhspleách ann. ☐

### Sonraí an Dochtúra:

| | |
|---|---|
| Ainm an Dochtúra | |
| Seoladh | |
| Fón | |
| Síniú: | Dáta: |

# Cosaint Sonraí

De réir an dlí, ní mór d'iarratasóirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar san fhoirm seo, ionas gur féidir linn ár gcuid oibre a dhéanamh. Déileálann muid le gach faisnéise agus sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil mar fhaisnéis agus sonraí rúnda. Déanann muid é seo ar aon dul leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

Chun an t-iarratas seo a phróiseáil, tabhair faoi deara go bhféadfaidh d'údarás áitiúil do shonraí pearsanta (faisnéis) a roinnt leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le teiripeoirí saothair.

Féadfaidh tú sonraí ár mBeartais Cosanta Sonraí agus ár Ráiteas Príobháideachais a léamh ar shuíomh gréasáin d'údaráis áitiúil. Mínítear sa pholasaí conas agus cén fáth a n-úsáidfimid sonraí pearsanta, agus soláthraítear faisnéis faoi do chearta mar ábhar sonraí. Tá an beartas ar fáil freisin i bhformáid pháipéir má iarrann tú é ó d'oifig d'údaráis áitiúil.

## Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí a thug mé ar an iarratas seo fíor agus cruinn.

| | |
|---|---|
| **Síniú an duine ar dóibh an deontas:** | |
| **Dáta:** | |
| **Síniú an duine a chabhraigh leis an bhfoirm seo:**<br>(más infheidhme) | |
| **Dáta:** | |

Más infheidhme, tugaim cead do m'údarás áitiúil an t-iarratas seo a phlé leis an duine a chomhlánaigh an fhoirm seo ar mo shon.

Cuir tic sa bhosca le cur in iúl go n-aontaíonn tú leis seo: **Aontaím** ☐ **Ní aontaím** ☐

# Seicliosta do gach atá le cur leis an bhfoirm seo

Cuirfear **moill** ar d'iarratas má tá sonraí agus **doiciméid** ar iarraidh. Cabhróidh an seicliosta seo leat na doiciméid go léir atá de dhíth maidir le d'iarratas a chur isteach.

## Beidh an méid seo a leanas ag teastáil ó gach iarratas:

☐ **An fhoirm seo**. Comhlánaithe go hiomlán.

☐ **Fianaise ar ioncam** (tá sonraí le fáil ar leathanach 16).
Más leat féin nó le do theaghlach an teach cuir fianaise don bhliain chánach roimhe sin ar fáil (nó don bhliain chánach reatha i roinnt cásanna speisialta – tá sonraí le fáil ar leathanach 16) don ioncam ar fad tuillte ag úinéir cláraithe na réadmhaoine (agus a gcéile más infheidhme).

**Má** tá an teach ar cíos ó thiarna talún, curtha ar fáil ag Comhlacht Ceadaithe Tithíochta nó más áras cónaithe pobail atá ann, ná cuir ar fáil ach fianaise don bhliain chánach roimhe sin (nó don bhliain chánach reatha i roinnt cásanna speisialta – tá sonraí le fáil ar leathanach 16) don ioncam ar fad tuillte ag an tionónta (agus a gcéile más infheidhme), agus ní an t-úinéir.

☐ **Riachtanais na Cánach Maoine Áitiúla a Chomhlíonadh** (tá sonraí le fáil ar leathanach 13).
Cuir fianaise ar fáil go bhfuil riachtanais na Cánach Maoine Áitiúla á gcomhlíonadh ag an teach, ar a dtaispeántar ainm an úinéara agus seoladh an tí ina ndéanfar an obair.
**Má tá an teach ar cíos**, beidh ort an méid seo a leanas a fháil ón tiarna talún agus é a sheoladh ar aghaidh:

- fianaise go bhfuil riachtanais na Cánach Maoine Áitiúla á gcomhlíonadh ag an teach, **agus**
- comhaontú tionóntachta reatha cláraithe leis an mBord um Tionóntachtaí Cónaithe (BTC), **agus**
- litir lena gceadaítear an obair a dhéanamh.

Má tá an **teach ar cíos** ag Comhlacht Ceadaithe Tithíochta nó más **áras cónaithe pobail** atá ann, beidh ort an méid seo a leanas a sheoladh ar aghaidh:

- fianaise go bhfuil riachtanais na Cánach Maoine Áitiúla á gcomhlíonadh ag an teach, **agus**
- litir lena gceadaítear an obair a dhéanamh.

☐ **Teastas Dochtúra Comhlánaithe** (leathanach 17-18 stampáilte agus sínithe ag do dhochtúir).
**Teastaíonn** sé seo i gcomhair:

- Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas, **agus/nó**
- Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta.

**Ní theastaíonn** an Teastas Dochtúra do Dheontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta **ach amháin** má tá d'iarratas práinneach mar gheall ar riocht sláinte.

Teastaíonn doiciméid bhreise le haghaidh roinnt iarratas, inseoimid duit fúthu sin ar an gcéad leathanach eile.

## Seicliosta (ar lean)

**Ní mór an méid seo a leanas a chur ar fáil le hiarratais ar Dheontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas freisin:**

☐ **Tuarascáil ó theiripeoir saothair más rud é ...**
... go bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar athrú mór ar úsáid seomra sa teach, cathaoir staighre a shuiteáil, ardaitheoir tríd an urlár, crochán riain shuite nó má tá síneadh á thógáil agat. Mura féidir leat an tuarascáil sin a chur ar fáil, is féidir le d'údarás áitiúil measúnú a eagrú duit.

**Ní mór go gcuimsítear an méid seo a leanas le hiarratais ar Dheontas na nÁiseanna Soghluaisteachta freisin:**

☐ **Tuarascáil ó theiripeoir saothair más rud é ...**
... go bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar dheontas chun crochadán riain shuite nó chun cathaoir staighre a shuiteáil. Mura féidir leat an tuarascáil sin a chur ar fáil, is féidir le d'údarás áitiúil measúnú a eagrú duit.

**Ní mór go gcuimsítear an méid seo a leanas le hiarratais ar Dheontas um Chúnamh Tí do Dhaoine Scothaosta freisin:**

☐ **Le haghaidh deisiúcháin dín:** Teastaíonn litir ó do chomhlacht árachais ina sonraítear nach bhfuil na deisiúcháin clúdaithe faoi do pholasaí.

☐ **Chun sreangú leictreachais a uasghrádú:** Teastaíonn Tuarascáil Chigireachta Thréimhsiúil ó leictreoir uait ina ndéantar cur síos ar na deisiúcháin riachtanacha. Ní mór go mbeadh an leictreoir sin cláraithe le Safe Electric. Tá tuilleadh faisnéise le fáil ag: www.safeelectric.ie

☐ **Le haghaidh theas:** Más gá duit córas teasa a dheisiú nó a sholáthar, ní mór duit tuarascáil ó chonraitheoir teasa a chur ar fáil ina ndéantar cur síos ar an mbail atá ar an gcóras teasa atá ann faoi láthair.

# Céard é an chéad chéim eile?

## Cad a tharlaíonn nuair a sheolaim m'iarratas isteach?

**Déanfaidh d'údarás áitiúil an méid seo a leanas:**

1. seiceáil le cinntiú go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe agus déan am a sceidealú chun cuairt a thabhairt ar an teach;
2. eagraigh cuairt teicneora ar an teach le cinntiú gur féidir an obair a dhéanamh agus go bhfuil an obair oiriúnach do do riachtanais;
3. scríobhfar chugat le cur in iúl duit cé acu ar éirigh nó nár éirigh le d'iarratas agus chun méid an deontais atá ceadaithe a chur in iúl duit;
4. iarrfar ort faisnéis faoin gconraitheoir/faoi na conraitheoirí a bheidh i mbun na hoibre a chur isteach amhail meastachán **agus** a n-uimhir thagartha chánach chun a sonraí imréitigh cánach a sheiceáil;
5. lorgófar na sonraí bainc chun an deontas a íoc nuair a bheidh an obair curtha i gcrích.

## Tuilleadh eolais a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar d'údarás áitiúil

**Féadfaidh d'údarás áitiúil a iarraidh ort roinnt doiciméad breise a sheoladh isteach amhail na doiciméid seo a leanas:**

- litir ó scoil nó ó choláiste chun tinreamh baill teaghlaigh a dheimhniú;
- fianaise bhreise ar ioncam;
- fianaise ar chostais tithíochta íoctha, táillí cúraim chónaithe nó cúraim bhaile íoctha;
- litir lena ndeimhnítear ceart cónaitheachta sa teach;
- fianaise ar chead pleanála nó deimhniú díolúine faoi na hAchtanna Pleanála.

## Maidir le deontais thar €10,000

Má tá an deontas formheasta níos mó ná €10,000, beidh ort imréiteach cánach a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar imréiteach cánach trí úsáid a bhaint as seirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim ag www.revenue.ie. Mura bhfuil rochtain agat ar an idirlíon, glaoigh ar na Coimisinéirí Ioncaim ag an uimhir 01 738 3663, agus iarr ar fhoirm iarratais "TC1" a bheith seolta chuig do sheoladh poist.

Ní mór duit d'fhoirm iarratais chomhlánaithe ar imréiteach cánach a sheoladh chuig Seirbhísí Custaiméara, Rannóg an Ard-Bhailitheora, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972.

## Mura bhfaigheann tú an deontas, is féidir leat achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh

Uaireanta ní éireoidh le hiarratas chuig d'údarás áitiúil ar dheontas. Mura n-éiríonn le d'iarratas, féadfaidh tú scríobh chuig d'údarás áitiúil chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh. Ní mór duit scríobh chuig d'údarás áitiúil **laistigh de thrí seachtaine ó dháta an chinnidh bhunaidh**, agus a mhíniú go soiléir cén fáth a bhfuil achomharc á dhéanamh agat. Déanfaidh oifigeach údaráis áitiúil nach raibh baint aige leis an measúnacht bhunaidh an t-achomharc sin a mheas ansin agus rachaidh siad i dteagmháil leat leis an toradh. D'fhéadfadh go dtógfadh sé sin suas le sé seachtaine.

## Go raibh maith agat as ucht an fhoirm seo a chomhlánú.

Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil le d'údarás áitiúil.